C/2026/5022

25.9.2026

Fógra le haghaidh an duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2164 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2165 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise

(C/2026/5022)

Dírítear aird an duine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2164 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2165 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Ceanglaítear le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2024/2642 nach mór don duine sin tuairisc a thabhairt, laistigh de 6 seachtaine ó dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar léi iad nó atá faoina húinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór di comhoibriú leis an údarás inniúil náisiúnta maidir le haon fhíorú faisnéise den sórt sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gurb éard atá inti teacht timpeall ar na bearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ([5]).

([1]) IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj.
([2]) IO L, 2026/2164, 24.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2164/oj.
([3]) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.
([4]) IO L, 2026/2165, 24.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2165/oj.
([5]) Tá an leagan comhdhlúite is déanaí le fáil ag http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/2026-07-13.